Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# FIOS FOGHLAMA

## MEITHEAMH 2026

Fáilte romhaibh chuig eagrán nua d'Fhios Foghlama ón nGaelAonad.

A chómhúinteoirí,
Tá deireadh na bliana ag teannadh linn anois agus neart gníomhaíochtaí, imeachtaí agus foghlama fós ar siúl sna scoileanna. Is tráth iontach é mí an Mheithimh chun an fhoghlaim a thabhairt lasmuigh, taitneamh a bhaint as an aimsir níos fearr, agus deiseanna nua Gaeilge a chruthú.
San eagrán seo, gheobhaidh sibh eolas eolas faoi imeachtaí agus faoi Thionól Forbartha 2026, faoi imeachtaí nua don léitheoireacht agus don fheasacht teanga, chomh maith le heolas faoi tacaíochtaí praiticiúla don seomra ranga.
Tá súil againn go mbeidh an t-eagrán seo ina chabhair daoibh.
Le buíochas agus le meas,
Ó Fhoireann Bhunscoile an GhaelAonaid



## SCILEANNA TUISCEANA I MBUNSCOILEANNA LÁN-GHAEILGE

Tacóidh an tEFG seo (lá iomlán aghaidh ar aghaidh) le ceannairí agus múinteoirí chun scileanna agus straitéisí tuisceana a mhúineadh ina gcomhthéacs féin i mbunscoileanna Lán-Ghaeilge ar na dóigheanna seo a leanas

- Straitéisí a bhaineann le scileanna éisteachta, stór focal, agus líofacht léitheoireachta na ndaltaí a aithint agus a chur i bhfeidhm
- Béim a leagan ar chur chuige ionchuimsitheach sa seomra ranga tumoideachais
- Spléachadh a fháil ar an teicneolaíocht mar áis teagaisc
- Machnamh a dhéanamh ar an gcleachtas reatha agus ar dheiseanna chun dea-chleachtas a roinnt.

Is féidir clárú ag an nasc seo -https://oide.ie/ga/muinteoiri/

**3** Meitheamh
I.O. Chill Dara

**5** Meitheamh
I.O. Chorcaí

Cuirfear clúdach ionadaíochta do bheirt mhúinteoirí ar fáil.

@oidegaelaonad
eolas@oide.ie
@OidePrimGaeilge

www.oide.ie

# FIOS FOGHLAMA

## MEITHEAMH 2026

Fáilte romhaibh chuig eagrán nua d'Fhios Foghlama ón nGaelAonad.

A chómhúinteoirí,
Tá deireadh na bliana ag teannadh linn anois agus neart gníomhaíochtaí, imeachtaí agus foghlama fós ar siúl sna scoileanna. Is tráth iontach é mí an Mheithimh chun an fhoghlaim a thabhairt lasmuigh, taitneamh a bhaint as an aimsir níos fearr, agus deiseanna nua Gaeilge a chruthú.
San eagrán seo, gheobhaidh sibh eolas eolas faoi imeachtaí agus faoi Thionól Forbartha 2026, faoi imeachtaí nua don léitheoireacht agus don fheasacht teanga, chomh maith le heolas faoi tacaíochtaí praiticiúla don seomra ranga.
Tá súil againn go mbeidh an t-eagrán seo ina chabhair daoibh.
Le buíochas agus le meas,
Ó Fhoireann Bhunscoile an GhaelAonaid



## SCILEANNA TUISCEANA I MBUNSCOILEANNA LÁN-GHAEILGE

Tacóidh an tEFG seo (lá iomlán aghaidh ar aghaidh) le ceannairí agus múinteoirí chun scileanna agus straitéisí tuisceana a mhúineadh ina gcomhthéacs féin i mbunscoileanna Lán-Ghaeilge ar na dóigheanna seo a leanas

- Straitéisí a bhaineann le scileanna éisteachta, stór focal, agus líofacht léitheoireachta na ndaltaí a aithint agus a chur i bhfeidhm
- Béim a leagan ar chur chuige ionchuimsitheach sa seomra ranga tumoideachais
- Spléachadh a fháil ar an teicneolaíocht mar áis teagaisc
- Machnamh a dhéanamh ar an gcleachtas reatha agus ar dheiseanna chun dea-chleachtas a roinnt.

Is féidir clárú ag an nasc seo -https://oide.ie/ga/muinteoiri/

**3 Meitheamh** I.O. Chill Dara

**5 Meitheamh** I.O. Chorcaí

Cuirfear clúdach ionadaíochta do bheirt mhúinteoirí ar fáil.

# IMEACHT NA MÍOSA
## TIONÓL FORBARTHA 2026

Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Tá Tionól Forbartha 2026 ar siúl in **Ostán Slieve Russell** ar an **13 Samhain 2026**.

Bí ann don ócáid fhíorspeisialta seo agus buail le do chuid comhghleacaithe chun saincheisteanna a bhaineann leis an oideachas lán-Ghaeilge a phlé; dea-chleachtais a mhalartú; foghlaim óna chéile; acmhainní nua a thriail; smaointe cruthaitheacha nua a fháil; agus líonrú le pobal leathan oideachasóirí, taighdeoirí, agus baill foirne eile.

Beidh réimse leathan ceardlann ar siúl don bhunleibhéal agus don iar-bhunleibhéal arís i mbliana.




**Tuilleadh eolais a fháil anseo faoin gClár Imeachtaí, Lóistín agus Taisteal.**
https://gaeloideachas.ie/maidir-gaeloideachas/comhdhail-bhliantuil/?lang=ga

## PODCHRAOLADH NA MÍOSA




Is minic atá an focal 'Oideolaíocht' le feiceáil go láidir i gCreatchuraclam na Bunscoile (2023). Mar gheall air sin, de réir mar a chuirtear an curaclam athfhorbartha i bhfeidhm, tá an oideolaíocht ina príomhábhar I bhfoghlaim ghairmiúil an mhúinteora.
Tá Póla Ní Chinnsealaigh (Príomhoide) agus an Dr Patrick Burke (Léachtóir) ag tabhairt léargais ar an taighde agus ar an gcuma a bhíonn ar oideolaíocht bríoch éifeachtach ó lá go lá sa seomra ranga.

**Éist leis anseo:**
https://ncca.ie/en/primary/primary-developments/ongoing-primary-developments/podcast/

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

## SEANFHOCAL NA MÍOSA

An rud is annamh is iontach



## SAMHLACHA NA MÍOSA

Chomh dána le muc
Chomh dána leis an diabhal
Chomh daor le h-im na Fraince
Chomh dealraitheach le solas na gréine
Chomh dearg le caor
Chomh dearg leis an rós




@oidegaelaonad
eolas@oide.ie
@OidePrimGaeilge

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# ÁBHAR TACAÍOCHTA DO MHÚINTEOIRÍ

## Léitheoireacht - Toradh Foghlama (TF) 7
## Cuspóir, seánra agus guth

Tá sraith ábhair tacaíochta ar fáil don Léitheoireacht do scoileanna T1 agus do scoileanna T2 (Gaeilge agus Béarla). Baineann na hábhair thacaíochta go sonrach le gach lipéad Toradh Foghlama. Feidhmíonn siad mar thúsphointe agus múinteoirí ag obair leis na Torthaí Foghlama.


Tacar Uirlisí Teanga na Bunscoile – Ábhar Tacaíochta

Léitheoireacht | Toradh Foghlama (TF) 7 Cuspóir, seánra agus guth


Cén chaoi a thacaíonn eispéiris foghlama a dhíríonn ar chuspóir agus ar sheánra le léitheoireacht an pháiste?

Conas is féidir liom tacú le foghlaim páistí faoi chuspóir agus faoi sheánra?

Cén tábhacht a bhaineann le guth údair a fhiosrú?

Smaointe don Fhoghlaim agus don Teagasc

Moltaí | Beidh deiseanna ag na páistí


**Foghlaim ghníomhach**



- struchtúr téacs* ar fud réimse seánraí a iniúchadh
- eagraithe grafacha (féach samplaí ar lch. 3) a úsáid le struchtúr a thabhairt d'eolas ó théacs. M.sh.,
  - I dtéacsanna insinte, úsáid a bhaint as mapaí le taifead a dhéanamh de charachtair, de shuíomh, d'fhadhb, de réiteach
  - I dtéacsanna léiritheacha, úsáid a bhaint as eagraithe grafacha amhail cairteacha comparáide nó cairteacha cúise agus éifeachta
  - I dtéacsanna áititheacha, úsáid a bhaint as eagraithe grafacha le taifead a dhéanamh den mhéid atáthar a mhaíomh, na cúiseanna agus an fhianaise atá iontu
- comharthaí téacs a bhaineann le gach struchtúr téacs a fhiosrú
- gnéithe téacs a scrúdú amhail ceannteidil agus fo-cheannteidil, teidil chaibidle, clár ábhar, liostaí, léaráidí, gluais, bosca achoimre, srl., agus leas a bhaint astu le cur le tuiscint
- leas a bhaint as eolas ar struchtúr téacs, comharthaí téacs agus gnéithe téacs le cur leis an tuiscint ar an téacs

*Glac an t-am cineálacha sleachta éagsúla a aimsiú ar féidir iad a úsáid le struchtúir an téacs agus comharthaí an téacs a theagasc go sonrach. Feictear struchtúir a bhaineann le téacsanna inste i bpictiúrleabhair, cartúin agus siscéalta. Feictear seiceamh i rialacha cluiche, treoracha agus tionscnaimh eolaíochta. Feictear cur síos, comparáid agus fadhb/réiteach i dtéacsanna a bhaineann go sonrach le hábhair faoi leith.

**Caint agus plé**



- plé neamhiata* a dhéanamh ar théacsanna
  - M.sh., *Céard is ciall le cairdeas? Arb é sin an rud ceart le rá i do thuairim? Ar mhaith leat a bheith mór leis an bpríomhcharachtar?*
- cúiseanna a thabhairt do na freagraí
  - Scafláil: Tabhair nod chun cabhrú le páistí tús a chur leis an abairt: M.sh., *Aontaím mar/ Easaontaím mar...*

**Céim 1 agus Céim 2**

- siscéalta agus rainn aitheanta do pháistí a phlé. M.sh.,
  - *Cén fáth a gceapann sibh go bhfuil Humptaí Dumptaí thuas ar an mballa?*
  - *Cén fáth a gceapann sibh go ndeachaigh Cinnín Óir isteach sa teach? Ar cheart di dul isteach sa teach sa chéad áit? Céard eile a d'fhéadfadh na béir a dhéanamh nuair a tháinig siad ar Chinnín Óir ina dteach?* Srl.

**Céim 3 agus Céim 4**

- tionchar chúlra, chultúr, eispéiris, srl. an údair ar ghuth an údair a fhiosrú
- gnéithe de théacsanna a chuireann béim ar ghuth a shainaithint agus cur síos a dhéanamh orthu. M.sh., i bpictiúrleabhair, fiosraigh áit a bhfuil carachtair ar leith i léaráidí, fiosraigh rogha focal ar fud seánraí, srl.
- guth insinte (an pheirspictíocht óna insítear an scéal) i dtéacs a fhiosrú agus an tionchar atá aige seo ar an téacs a mheas
- conas mar a léirítear cultúir agus féiniúlachtaí i dtéacsanna a fhiosrú agus a phlé
- claonadh, stéiréitiopáil agus réamhchlaonadh i dtéacsanna a fhiosrú agus a phlé


* Tugann plé neamhiata deis do pháistí a bheith ag tuairimíocht agus freagraí difriúla dá gcuid féin a thabhairt a thagann le réasún. Is céim thábhachtach í seo chun bunchloch a leagan síos do fhiosraithe níos criticiúla. Breathnaigh ar an ábhar tacaíochta do Léitheoireacht TF 8 le tuilleadh smaointe a fháil.

**Comhtháthú**

**Scríbhneoireacht**

- tarraingt ar an eolas atá acu ar struchtúr téacs, ar sheánra, ar chuspóir agus ar ghuth agus iad ag tabhairt faoina gcuid scríbhneoireachta féin Scríbhneoireacht TF 6
  - Leid: Agus seánra faoi leith á fhiosrú sa léitheoireacht ó thaobh struchtúir, comharthaí téacs, srl., moltar díriú ar an seánra céanna sa scríbhneoireacht

**Béarla agus teangacha eile**




## Tuilleadh Eolais ar fáil anseo:

Ábhar Tacaíochta do Mhúinteoirí | Curriculum Online

curaclam ar líne
curriculum online

NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment


@oidegaelaonad
eolas@oide.ie
@OidePrimGaeilge

# NA WEATHERBIES






Tá lúcháir ar The Weatherbies a fhógairt go bhfuil leabhar dathúcháin ar fáil anois.





Tá comhghairdeas mór le déanamh leis na daltaí agus leis an fhoireann ó St. Malachy's Primary School, Castlewellan, as a Climate Ready Classroom Award a bhaint amach! Tá sé iontach scoileanna a fheiceáil ag úsáid na Weatherbies sna seomraí ranga le cuidiú leis an fhoghlaim faoin chomhshaol agus leis an chruthaitheacht.


# ACHMAINN NA MÍOSA

## PADLET COGG




Tá padlet nua eisithe ag COGG lán le hacmhainní, go mór mór acmhainní RSO.








**Tuilleadh eolais le fáil ag:**https://cogg.ie/padlet-cogg/

## Beatha Teanga




Nuair a mhothaítear bród agus úinéireacht as an teanga agann fonn ar dhuine í a fheabhsú.
Tá dhá uirlis úsáideacha, spreagcheisteanna agus spreagsmaointe, leagtha amach do scoileanna sa leabhrán seo chun an fheasacht teanga a chothú ar scoil.




Tuilleadh eolais ar fáil ag: [https://beathateanga.ie/5-feasacht-teanga-a-chothu/](https://beathateanga.ie/5-feasacht-teanga-a-chothu/)

Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

## COMÓRTAS GHREANNÁN

Le cuid mhaith blianta, tá urraíocht á déanamh ag Gaeloideachas ar Comórtais Ghreannán do Bhunscoileanna Lán-Ghaeilge & Gaeltachta faoi Comórtais Liteartha don Scríbhneoir Óg a reáchtáiltear faoi Oireachtas na Gaeilge.
Tá comórtais ann don Bhunleibhéal (4 chomórtas, Ranganna 3-6)agus don Iar-bhunleibhéal (2 chomórtas, Blianta 1,2,3& Blianta 4,5,6). Tá duaiseanna fhlaithiúla ar fáil. Spreagaigí bhur ndaltaí le cur isteach orthu.
An spriocdháta d'iarratais 2026: 1 Iúil 2026.

An tOireachtas
GRÉASÁN NA nGAEL


Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

**Tá foirm iontrála agus eolais faoi Chomórtais 2026 ar fáil anseo**:
[https://pangr-comlit.herokuapp.com/#](https://pangr-comlit.herokuapp.com/#)
**Tá buaiteoirí 2025 ar fáil anseo**:[https://gaeloideachas.ie/comortais-liteartha-don-scribhneoir-og-2025-buaiteoiri-agus-a-saothair/?lang=ga](https://gaeloideachas.ie/comortais-liteartha-don-scribhneoir-og-2025-buaiteoiri-agus-a-saothair/?lang=ga)

# LEABHAR NA MÍOSA

## ÓSTAN NA BHFEITHIDÍ le hÁine Ní Ghlinn agus Mr Ando

Cuir aithne ar fheithidí na hÉireann ar bhealach spreagúil. Is minic a fheictear 'óstán feithidí' anois ar thaobh an bhóthair nó ag bun eastát tithíochta, bosca beag adhmaid agus cipíní beaga istigh ann, a thugann spás agus cosaint d'fheithidí áitiúla. Sin díreach an rud atá faoi chaibidil sa leabhar seo, ar bhealach a oireann do shamhlaíocht páistí óga. Léiriú agus ceiliúradh é ar fheithidí difriúla a mhaireann timpeall orainn. Feicimid feithidí éagsúla ag dul isteach san óstán le dreas codlata a dhéanamh, agus 'teaghlaigh' feithidí ina gcodladh go séimh neamhurchóideach.




**Éist le Seosamh Mac Seoin ag léamh an scéil anseo ar Cúla4:**
https://foghlaim.tg4.ie/ceacht/2u-pfK30mfg




# DÁN NA MÍOSA

## An Samhradh



An ghrian ag taitneamh,
Ag leath i ndiaidh a hocht,
Maidin 'gus oíche,
Ag scoilteadh na gcloch.
Páistí sa rang,
Obair á dhéanamh,
Gairid anois,
Go deireadh an **Mheithimh.**
Daoine lasmuigh,
Ag rith agus ag siúl,
Gasúir ag súgradh,
I rith mhí **Iúil.**
Daoine ar saoire,
Ar thóir na teasa,
**Lúnasa** ag taisteal,
Go lár an teochreasa.
**Is breá linn an Samhradh,**
Sa tír bheag seo Éire,
Ó bhreacadh an lae, go dul faoi na gréine.





Le Joe Ó hEachteirn

# ACMHAINN NA MÍOSA

## Póstaeir - Na Botúin is Coitianta




**Tuilleadh eolais ar fáil ag:**
https://padlet.com/COGG_Gaeilge/na-botuin-is-coitianta-yk1si44g6xkrgw4

# ACMHAINN NA MÍOSA




## Siúlóid Chéadfaí an tSamhraidh

Is acmhainn oideachais agus spraíúil í **Siúlóid Chéadfaí an tSamhraidh** a spreagann páistí agus daoine óga dul amach agus taithí a fháil ar an samhradh trí na céadfaí a mhothú, a fheiceáil, a chloisteáil, a bholú agus a bhlaiseadh. Is féidir leis na seicliostaí aireachas a spreagadh freisin, agus tacaíocht a thabhairt don rialú mothúchán agus folláine mheabhrach.










CENTRE FOR AUTISM
MIDDLETOWN

**Tuilleadh eolais ar fáil anseo:**
https://gaeloideachas.ie/document/siuloid-cheadfai-an-tsamhraidh/

Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

## SCÉALTA COGG

**Fan ar an eolas faoin nuacht is déanaí ó COGG!**
**Tapaigh an deis inniu chun Scéalta Bunscoile agus Scéalta Iar-bhunscoile Mhí na Bealtaine COGG a léamh!**




🔥 Nuacht ann do chách faoi imeachtaí, acmhainní agus ábhar nua don seomra ranga.

👉 Nasc bunscoile anseo agus nasc iar-bhunscoile thíos.

Tuilleadh eolais ar fáil anseo: https://cogg.ie/fan-ar-an-eolas-faoin-nuacht-is-deanai-o-cogg/?utm_source=twitter&utm_medium=social&utm_content=ap_dlcpvi5v1j

## CUNTAS INSTAGRAM AN GHAELAONAID

Tá lúcháir ar Fhoireann an GhaelAonaid go bhfuil cuntas Instagram an GhaelAonaid ar an bhfód anois. Bí cinnte sinn a leanúint don nuacht is déanaí agus chun teacht ar réimse acmhainní agus tacaíochtaí don seomra ranga.

Lean sinn tríd an gcód MF nó déan cliceáil anseo.

OIDEGAELAONAD

**Séanadh**: 'Is acmhainn iad na cora poist seo agus tá an t-eolas atá iontu ábhartha agus suas chun dáta ag dáta a bhfoilsithe amháin. Is gá don úsáideoir a chinntiú go bhfuil an t-eolas is déanaí faighte acu ó shuíomhanna áirithe eile amhail CNCM, ROÓ.